

BEAN I GCRUACH NA CAOILE.

Bean a bhí i gCruach na Caoile tháinig tinneas cloinne uirthi. Ní raibh sa teach na ar an oileán ach í féin is a fear. Nuair a bhuail an tinneas í chuaidh an fear amach i mbad don talamh ó thuaidh go bhfágadh sé bean stuamidha. Bhí an bhean ina haonraic sa teach agus an tinneas uirthi.

Nuair a tháinig an oidhche bhí sí ina luighe in aice na teine agus a hágaidh leis an teine. Tháinig fear mór dubh isteach nach bhfaca sé ariamh rud mór millteach dubh. Iompuigh suas a chaile, adeir sé . Níor iompuigh sí. Ghlaoigh an coileach agus bhéigin dó ritheacht. A níor mhór duit é adeir sé marach an fireannach (an ghein mhic) a bheadh ar chalbha agat ba gearr é do shaol.

Nuair a tháinig an fear is an bhean stuiamidha ar maidin bhí paiste mic aice. Bhí an páiste ceart agus bhí sise sábhailte. Is mór an cumhacht atá ag coileach féin má bhíonn an glór go maith aige. Tá coileach Mártain thar cionn.